



**FSSU**  
Financial Support  
Services Unit

## Tús Eolais ar an Aonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais (an FSSU)

Tosóidh an tAonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais (“an FSSU”) ag cur a chuid seirbhísí ar fáil do bhunscoileanna i mí Mheán Fómhair 2017. Ó bhunaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna (“an Roinn”) an FSSU in 2005, tá sé ag feidhmiú mar mheicníocht tacaíochta don lucht bainistíochta i meánscoileanna deonacha.

Anois tá an Roinn tar éis iarraidh ar an FSSU na seirbhísí sin a chur ar fáil don lucht bainistíochta i mbunscoileanna chomh maith. Rinneadh tagairt don chaoi a gcuirfí seirbhísí an FSSU ar fáil ar leibhéal na bunscoile sa Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna, 2015-2019, agus tá sé san áireamh i bPlean Gníomhaíochta na Roinne don bhliain 2017 freisin. D’fhoilsigh an Roinn ciorclán dar teideal **Cur i bhFeidhm agus Oibríocht an Aonaid um Sheirbhísí Tacaíochta Airgid (ASTA) ag an mBunleibhéal** (Ciorclán Uimh. 0060/2017) i mí Mheán Fómhair 2017, ina ndéantar cur síos ar na socruithe i gcomhair seirbhís an FSSU a chur i bhfeidhm agus a fheidhmiú.

LÍNE THACAÍOCHTA  
**01 910 4020**

R-phost  
**primary@fssu.ie**

**www.fssu.ie**

### An tAcht Oideachais, 1998

Cuirtear i gcuimhne do Bhoird Bhainistíochta go bhfuil de fhreagracht orthu a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta cuí cuntaasaíochta agus airgeadais i bhfeidhm de réir Alt 18 den Acht Oideachais, 1998, lena n-éilítear:

*18.-(1) Ach amháin i gcás scoile a bheidh bunaithe nó faoi chothabháil ag coiste gairmoideachais, coimeádfaidh bord na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh sé nó ar chaiteachas an airgid sin a thabhoídh sé agus cinnteoidh sé go ndéanfar, i ngach bliain, na cuntais sin go léir a iniúchadh nó a dheimhniú go cuí de réir an chleachtais cuntaasaíochta is fearr.*

*(2) Déanfaidh an scoil lena mbaineann cuntais a choimeádfar de bhun an ailt seo a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag an Aire agus ag tuismitheoirí mac léinn sa scoil, a mhéid a bhaineann na cuntais sin le hairgead a sholáthrófar de réir alt 12.*

# Cuspóir an FSSU

- Comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna ar chúrsaí rialachais airgeadais, lena n-áirítear comhlíonadh riachtanais an chiorcláin.
- Teimpléid a fhorbairt do scoileanna maidir le cúrsaí airgeadais, lena n-áirítear teimpléad náisiúnta caighdeánaithe le haghaidh cuntais bhliantúla scoile.
- Feidhmiú mar stór lárnach ó thaobh glacadh le cuntais bhliantúla scoile arna n-ullmhú ag cuntasóir/iníúcháir seachtrach atá cláraithe le comhlacht cuntasaoíochta aitheanta sa Stát.
- Iníúchtaí a dhéanamh de réir mar is gá.
- Tuarascáil bhliantúil a ullmhú don Roinn.
- Coinneáil i dteagmháil leis an Roinn maidir le cúrsaí airgeadais a bhaineann le bunscoileanna.
- Faisnéis airgeadais a chur faoi bhráid an Rialálaí Carthanas, rud lena gcomhlíonfar na hoibleagáidí tuairiscithe airgeadais atá ar scoileanna de bhun Acht na gCarthanas, 2009.
- Faisnéis staitistiúil maidir le córas na scoileanna a sholáthar don Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO).

“Tá an FSSU ag tabhairt cúnamh agus comhairle do mheánscoileanna deonacha ar chúrsaí bainistithe airgeadais ó bhí an bhliain 2005 ann. Tá neart eolais faighte againn ar an gcaoi a n-oibríonn cúrsaí airgeadais i scoileanna agus is eol dúinn cén chaoi cabhrú le scoileanna a bhfuil cúnamh ag teastáil uathu sa réimse áirithe seo.”

Louise McNamara  
*Stiúrthóir an FSSU*



“Is féidir leis an FSSU, agus a fhoireann cuntasóirí cáilithe, teicneoirí cuntasaoíochta agus comhairleoirí cánach, comhairle a thabhairt do scoileanna ar réimse saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar chúrsaí airgeadais agus ar oibleagáidí tuairiscithe.”

James Keating  
*Comhordaitheoir Bunscoile,  
Oifig an FSSU, Corcaigh*

## Amlíne an FSSU

### Scoilbhliain 2017/2018

Díreoidh an FSSU ar chomhairle agus tacaíocht a chur ar fáil mar chuid de na hullmhúcháin i dtreo an teimpléad náisiúnta caighdeánaithe le haghaidh cuntais bhliantúla scoile a thabhairt isteach ar bhonn céimnithe.

### Scoilbhliain 2018/2019

Ullmhófar cuntais bhliantúla scoile leis an teimpléad náisiúnta caighdeánaithe ón mbliain seo ar aghaidh. Éileofar ar scoileanna an fhormaid sin a úsáid leis na hoibleagáidí atá orthu de bhun Alt 18 den Acht Oideachais, 1998 a chomhlíonadh.

### Deireadh mhí Feabhra, 2020

Éileofar ar scoileanna na cuntais bhliantúla scoile don bhliain 2018/19 a chur faoi bhráid an FSSU faoin dáta seo.

### Go Bliantúil ina Dhiaidh Sin

Beidh ar scoileanna na cuntais bhliantúla scoile a chur faoi bhráid an FSSU san fhormaid ordaithe faoi dheireadh mhí Feabhra gach bliain (.i. 6 mhí tar éis dheireadh na scoilbhliana).

“Mar chomhalta de Bhord Bainistíochta, ar einteachas corparáideach é, is den ríthábhacht é dea-rialachas corparáideach a chinntiú i gcúrsaí airgeadais na scoile. De réir ár dtéarmaí tagartha, tabharfaidh an FSSU cúnamh do gach scoil leis an dea-chleachtas agus cinnteoidh go gcomhlíonfar Alt 18 den Acht Oideachais, 1998, leis.”

Joe Conlon  
*Comhordaitheoir Bunscoile,  
Oifig an FSSU, Maigh Nuad*



## Cuir glao ar an Líne Tacaíochta - 01 910 4020

Is féidir teacht ar an tSeirbhís Tacaíochta Teicniúla Fóin idir 9 r.n. agus 7 i.n., ó Luan go Déardaoin, agus idir 9 r.n. agus 5 i.n. ar an Aoine

R-phost: [primary@fssu.ie](mailto:primary@fssu.ie)

[www.fssu.ie](http://www.fssu.ie)

**Oifig an FSSU, Corcaigh**  
CETB, Seomra 53  
Ascaill Rosa  
Baile an Easpaig  
Corcaigh  
T12 EE94

**Oifig an FSSU, Maigh Nuad**  
An Teach Nua  
Coláiste Phádraig  
Maigh Nuad  
Co. Chill Dara  
W23 HW31

# Láithreán Gréasáin an FSSU

Is acmhainn luachmhar do scoileanna é láithreán gréasáin an FSSU agus cuirtear ar fáil air raon leathan teimpléad, treoirlínte, físeán agus seimineár gréasáin atá dírithe ar chúrsaí airgeadais agus a rachaidh chun tairbhe do Bhoird Bhainistíochta agus dóibh siúd a ullmhaíonn na cuntais i mbunscoileanna.



## Is féidir leis an FSSU cabhrú le do scoil

Comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna ar chúrsaí rialachais airgeadais, lena n-áirítear buiséadú

Feidhmiú mar stór lárnach ó thaobh glacadh le cuntais bhliantúla scoile arna n-ullmhú ag cuntasóir/iníúcháir seachtrach (*de réir Ait 8 den Acht Oideachais, 1998*)

Coinneáil i dteagmháil leis an Roinn ar chúrsaí airgeadais a bhaineann le scoileanna

Cabhair le tuairisceáin CBL/RCT a chomhdú

Cabhair le tuairisceáin phárolla a chomhdú

Teimpléid airgeadais shaincheaptha a chur ar fáil do scoileanna - *níl sé riachtanach teimpléid de chuid an FSSU a úsáid.*

Cuirfimid eolas ar fáil faoi oiliúint airgeadais

Tabharfaimid fógra duit faoi na nuashonruithe rialála go léir

Comhlíonfaimid na hoibleagáidí tuairiscithe atá ar do scoil i leith na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO) agus an Rialálaí Carthanais

# DÁTAÍ TÁBHACHTACHA SA SCOILBHLIAIN Ó THAOBH AIRGEADAIS DE

## DÁTAÍ DLITE DON CBL (VAT)

- 23 Meán Fómhair don tréimhse Iúil/Lún.**
- 23 Meán Fómhair i gcomhair an Tuairisceáin Bhliantúil RTD do M.F. go Lún.**
- 23 Samhain don tréimhse M.F./D.F.**
- 23 Eanáir don tréimhse Samh./Noll.**
- 23 Márta don tréimhse Ean./Feabh.**
- 23 Bealtaine don tréimhse Már./Aib.**
- 23 Iúil don tréimhse Beal./Meith.**

## DÁTAÍ DLITE DON RCT

Íoctar RCT go míosúil nó go ráithiúil de réir mar a chinneadh na Coimisinéirí Ioncaim

Déantar íocaíochtaí míosúla RCT faoin 23ú lá den mhí i ndiaidh na míosa atá i gceist m.sh. baineann an íocaíocht ar an 23 Meán Fómhair le mí Lúnasa

Déantar íocaíochtaí ráithiúla RCT faoin:

- 23 D. Fómhair don tréimhse Iúil – M.F.**
- 23 Eanáir don tréimhse D.F. – Noll.**
- 23 Aibreán don tréimhse Ean. – Már.**
- 23 Iúil don tréimhse Aib. – Meith.**

## CÁNACHA PÁROLLA

### P30

Bíonn íocaíochtaí P30 dlite ar an 23ú lá den mhí i ndiaidh na míosa atá i gceist, m.sh. an 23 Deireadh Fómhair i gcomhair mhí Mheán Fómhair

### P35

Bíonn tuairisceáin P35 dlite ar an 23 Feabhra m.sh. an 23 Feabhra 2018 i gcomhair na bliana 2017

### Nuachóiriú an Chórais ÍMAT

Ar an 1 Eanáir 2019 cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim Nuachóiriú an Chórais ÍMAT i bhfeidhm agus éileofar gach asbhaint fostaí a thuirisciú i bhfíoram. Tíocfaidh feabhas ar chruinneas agus trédhearcacht an chórais ÍMAT do gach páirtí leasmhar dá bharr sin agus beidh sé níos éasca le tuiscint. Déan teagmháil leis an FSSU le tuilleadh eolais a fháil.

## Tuairisceáin Bhliantúla

Éileofar ar bhunscoileanna cuntais a chur faoi bhráid an FSSU trí chuntasóir na scoile i leith scoilbhliain 2018/19 faoin 28 Feabhra 2020 agus go bliantúil ar an dáta céanna dá éis sin.